

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/54 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 4 Eanáir 2023**

**lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/652 maidir le heastóscán oráistí Sevilla a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh speicis ainmhíocha áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/652 ón gCoimisiún, údaraíodh eastóscán oráistí Sevilla a úsáid mar bhreiseán beathaithe le haghaidh speicis ainmhíocha áirithe <sup>(2)</sup>.
- (2) Is eol go bhfuil 10 % go 20 % neoiheispiridin in eastóscán oráistí Sevilla, mar a shonraítear sa cholún “Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse” san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/652.
- (3) Mar thoradh ar thiomhde mhícheart maidir le gaol idir neoiheispiridin, a shainaithnítear le huimhir CAS 13241-33-3, agus déhidreacailceon neoiheispiridine, a shainaithnítear le huimhir CAS 20702-77-6, agus a bhfuil ainm comhchosúil aige, ach ar substaint ar leith é, cuireadh pointe 3 den cholún “Forálacha eile” san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/652, pointe ina ndéantar foráil trí dhearmad maidir le húsáid eastóscán oráistí Sevilla i gcomhcheangal le déhidreacailceon neoiheispiridine a eisiamh.
- (4) Sa tuairim ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia an 23 Meitheamh 2021 maidir le sábháilteacht eastóscán oráistí Sevilla <sup>(3)</sup>, ní luaitear aon riosca a mhéid a bhaineann le heastóscán oráistí Sevilla a úsáid in éineacht le déhidreacailceon neoiheispiridine.
- (5) Dá bhrí sin, ní mór an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/652 a cheartú trí phointe 3 den cholún “Forálacha eile” san Iarscríbhinn sin a scriosadh. Ar mhaithe le soiléireacht, is iomchuí an Iarscríbhinn iomlán a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a ionadú.
- (6) Ar mhaithe le cosc a chur ar shuaití ar an mbreiseán beathaithe a chur ar an margadh de dheasca na hearráide atá i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/652, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

<sup>(1)</sup> IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/652 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2022 maidir le húdarú eastóscán oráistí Sevilla mar bhreiseán beathaithe le haghaidh speicis ainmhíocha áirithe (IO L 119, 21.4.2022, lch. 74).

<sup>(3)</sup> EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(7):6709.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/652.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Eanáir 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

—

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealb-hóir an údaraithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmí	Uas-teorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
						mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			

## Catagóir: Breiseáin céadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe

2b136-ex	-	Eastóscán oráistí Sevilla	<p><i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i></p> <p>Eastóscán oráistí Sevilla ó thorthaí <i>Citrus x aurantium</i> L.</p> <p>Foirm sholadach</p> <p><i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i></p> <p>Eastóscán oráistí Sevilla ó thorthaí <i>Citrus x aurantium</i> L. mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach <sup>(1)</sup>.</p> <p>Flavonóidigh: 45-55 % lena n-áirítear — Nargainin: 20-30 % — Neoiheispiridin: 10-20 %</p> <p>5- meatocsasórailin (ar a dtugtar beargiptin freisin): ≤ 0,03 % (-)-Sineifrín: ≤ 1 %</p> <p>Uimhir CoE: 136 <i>Modh anailíse</i> <sup>(2)</sup> Chun nargainin (marcóir fisiceimiceach) sa bhreiseán beathaithe a chainníochtú: — Crómatagraifíocht leachta ard-fheidhmíochta (HPLC) le brath speictreafótaiméadrach (UV)</p>	<p>Sicíní lena ramhrú</p> <p>Béaróga Turcaithe lena ramhrú</p> <p>Bainbh</p> <p>Muca lena ramhrú</p> <p>Cránacha</p> <p>Ba déiríochta</p> <p>Laonna</p> <p>Eallach lena ramhrú</p> <p>Caoirigh/gabhair</p> <p>Capaill</p> <p>Coiníní</p> <p>Salmainidí</p> <p>Éisc ornáideacha</p> <p>Madraí</p> <p>Cait</p>	-	-	<p>1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.</p> <p>2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.</p> <p>3. Cuirfead an méid seo a leanas in iúl ar lipéad an bhreiseáin: 'Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an chileagraim d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — Sicíní lena ramhrú: 102 mg. — Béaróga: 151 mg. — Turcaithe lena ramhrú: 136 mg. — Bainbh: 182 mg. — Muca lena ramhrú: 217 mg. — Cránacha: 268 mg. — Ba déiríochta: 259 mg. — Laonna (bainne púdrach), eallach lena ramhrú, caoirigh/gabhair, capaill, salmainidí, madraí agus éisc ornáideacha: 400 mg. — Cait: 80 mg. — Coiníní: 161 mg.'</p>	11 Bealtaine 2032
----------	---	---------------------------	--	--	---	---	--	-------------------

								<p>4. Sonrófar an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus méid na substainte gníomhaí ar lipéad an réamh-mheascáin i gcás ina sáródh an leibhéal úsáide ar lipéad an réamh-mheascáin an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3.</p> <p>5. Ní cheadófar an meascán d'eastóscán oráistí Sevilla as torthaí <i>Citrus x aurantium</i> L a mheascadh le breiseáin údairithe eile a fhaightear ó <i>Citrus aurantium</i> L. in ábhair bheatha.</p> <p>6. I gcás úsáideoirí na mbreiseán agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh teacht as ionanálú, teagmháil dheirmeach nó teagmháil súl. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú a oiread is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfean an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don anáilú.</p>
--	--	--	--	--	--	--	--	---

<sup>(1)</sup> *Natural sources of flavourings — Report No. 2* [Foinsí nádúrtha blastán — Tuarascáil Uimh. 2] (2007)

<sup>(2)</sup> Tá sonraí na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: <https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports>